AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.3.2024
COM(2024) 127 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

an 1 Eanáir – an 31 Nollaig 2023

Ábhar

1. Réamhrá 2

2. Creat institiúideach 2

3. Uirlisí forfheidhmithe, réiteach díospóidí agus gearáin 4

3.1. Uirlisí forfheidhmithe 4

3.2. Réiteach díospóide 5

3.3. Gearáin 6

4. Cur chun feidhme earnála 6

4.1. Trádáil earraí 6

4.2. Seirbhísí agus infheistíocht, trádáil dhigiteach, maoin intleachtúil, soláthar poiblí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide 11

4.3. Fuinneamh 14

4.4. Iompar 15

4.5. Iascach 16

4.6. Comhordú na slándála sóisialta 17

4.7. Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla 17

4.8. Comhlachú na Ríochta Aontaithe le cláir áirithe de chuid an Aontais 18

5. Forbairtí i ndlí na Ríochta Aontaithe 19

5.1. Ábhair chothrománacha 19

5.2. Cothrom iomaíochta um an iomaíocht chóir agus oscailte agus um fhorbairt inbhuanaithe 20

6. Conclúidí 22

Iarscríbhinn 1: Cruinnithe in 2023 de na comhlachtaí comhpháirteacha agus struchtúir eile arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair 23

Iarscríbhinn 2: Forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí maidir le cur chun feidhme arna gcomhaontú ag an gComhairle Comhpháirtíochta an 24 Márta 2023 24

Iarscríbhinn 3: Cinntí agus moltaí arna nglacadh ag an gComhairle Comhpháirtíochta nó ag na Coistí arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair 25

1. Réamhrá

Rinneadh comóradh ar an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach (An tAontas) agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (An Ríocht Aontaithe) in 2023 tráth ar glacadh Creat Windsor[1], lenar leagadh amach an tslí le haghaidh comhar stuama idir na comhpháirtithe, a thug gealltanas i gcomhpháirt leas iomlán a bhaint as poitéinseal an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (CTC)[2].

Cumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, atá i bhfeidhm ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann raon leathan réimsí lena n-áirítear trádáil, iompar, iascach, fuinneamh, comhordú slándála sóisialta, forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus áirithítear cothrom iomaíochta leis an tráth céanna le haghaidh iomaíocht chóir agus forbairt inbhuanaithe, chomh maith le hurraim do chearta bunúsacha.

Is í seo tríú tuarascáil an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021[3]. Cuirtear forbhreathnú i láthair ann de na príomhfhorbairtí maidir le feidhmiú na struchtúr rialachais arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair (Roinn 2) agus i ndáil le huirlisí forfheidhmithe, réiteach díospóidí agus gearáin (Roinn 3). Tugtar achoimre sa tuarascáil freisin ar an dul chun cinn a rinneadh sna réimsí faoi réim shainchúram an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (Roinn 4) agus tá imlíne ann d'fhorbairtí reachtacha sa Ríocht Aontaithe atá ábhartha maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (Roinn 5).

2. Creat institiúideach

Ar feadh 2023, bhí na comhlachtaí comhpháirteacha agus struchtúir eile arna mbunú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair gníomhach maidir le faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme agus maidir lena chur chun feidhme a éascú. Tionóladh tríocha cruinniú thar na réimsí beartais uile a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. B'in níos mó ná mar a rinneadh le haon tríú tír eile lena bhfuil caidreamh inchomparáide ag an Aontas i dtéarmaí trádála agus comhair. Cuirtear an liosta cruinnithe i láthair in Iarscríbhinn 1. Foilsíonn an Coimisiún cláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe na gcomhlachtaí comhpháirteacha ar líne[4].

---

[1] Dearbhú Polaitiúil Windsor arna dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus Rialtas An Ríocht Aontaithe: https://commission.europa.eu/system/files/2023-02/political%20declaration.pdf

[2] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A22021A0430%2801%29

[3] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L149/2) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021D0689&from=EN.

[4] Cruinnithe de Chomhairle Comhpháirtíochta an Aontais-na Ríochta Aontaithe agus na gCoistí Speisialaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair: https://ec.europa.eu/info/strategy/relations-non-eu-

An **Chomhairle Comhpháirtíochta,** an príomhchomhlacht a bunaíodh faoi Airteagal 7 den Chomhaontú Trádála agus Comhair chun formhaoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme ar leibhéal polaitiúil, bhuail siad le chéile an 24 Márta 2023. D'athdheimhnigh an tAontas Eorpach, le hionadaíocht ón Leas-Uachtarán Maroš Šefčovič, agus an Ríocht Aontaithe, le hionadaíocht ón Rúnaí Eachtrach James Cleverly, gur mhian leo leas iomlán a bhaint as poitéinseal an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Dheimhnigh siad a ngealltanas chun obair a chur chun cinn ar na socruithe trádála leictreachais agus ar chomhlachú na Ríochta Aontaithe le cláir an Aontais. Chomhaontaigh siad freisin go gcuirfidís obair ar aghaidh ar mheabhrán tuisceana maidir le seirbhísí airgeadais, comhar maidir le saincheisteanna maoine intleachtúla, meithleacha a bhunú faoi Airteagal 9 den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus idirphléití a sheoladh maidir le cibircheisteanna agus saincheisteanna frithsceimhlitheoireachta. Soláthraítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an tuarascáil seo an liosta iomlán de na gníomhaíochtaí a comhaontaíodh agus achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh in 2023 chun iad a chur chun feidhme.

Na 19 g**Coiste** a bunaíodh faoi Airteagal 8 den Chomhaontú Trádála agus Comhair chun faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme i réimsí sonracha, bhuail siad le chéile ar feadh na bliana chun raon leathan saincheisteanna a phlé ar saincheisteanna iad a thagann faoi réim shainchúram a gcumhachtaí faoi seach. Soláthraíodh deis ag na cruinnithe sin athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis na gealltanais a rinneadh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair agus chun idirphléití teicniúla a chur ar bun maidir le hábhair éagsúla a bhaineann lena gcur chun feidhme, lena n-áirítear forbairtí rialála atá ar na bacáin. Glacadh roinnt cinntí agus moltaí, agus cuirtear achoimre díobh sin i láthair in Iarscríbhinn 3.

Bhuail an **Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta** (TPA), a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 11 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, le chéile faoi dhó in 2023. Ag an gcruinniú an 3 agus an 4 Iúil sa Bhruiséil, phléigh parlaiminteoirí saincheisteanna maidir le comhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sna réimsí trádála agus beartais tionsclaíoch, agus phléigh siad saincheisteanna eile nach iad[5]. Lasmuigh de raon feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, ghlac an Tionól le moladh maidir le hiarrachtaí coiteanna chun tacú leis an Úcráin agus maidir le comhar i leith smachtbhannaí[6]. Ag an gcruinniú an 4 agus 5 Nollaig i Londain, phléigh parlaiminteoirí an aeráid agus iascach, chomh maith le roinnt saincheisteanna atá lasmuigh de raon feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair amhail soghluaisteacht daoine, ar saincheist é a ndearna an Tionól moladh ina leith don Chomhairle Comhpháirtíochta[7].

---

countries/relations-united-kingdom/eu-uk-trade-and-cooperation-agreement/meetings-eu-uk-partnership-council-and-specialised-committees-under-trade-and-cooperation-agreement_en.

[5] Cláir oibre na gcruinnithe: https://www.europarl.europa.eu/delegations/en/d-uk/home

[6] Moladh maidir le hiarracht choiteann an Aontais-na Ríochta Aontaithe chun tacú leis an Úcráin agus maidir le comhar éifeachtach
i leith smachtbhannaí: https://www.europarl.europa.eu/cmsdata/273042/3rd%20PPA%20-%20recommendation%20on%20common%20support%20to%20Ukraine.pdf

[7] Moladh ón Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta, 4-5 Nollaig 2023: Scéimeanna soghluaisteachta don óige, malartuithe mac léinn, turais
scoile, agus ealaíontóirí ar camchuairt:
https://www.europarl.europa.eu/cmsdata/279312/Final%20Recommendation%20-%204th%20EU_UK%20PPA.pdf

Lean ionadaithe na sochaí sibhialta dá rannpháirtíocht i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Bhuail **Grúpa Comhairleach Baile** an Aontais, a bunaíodh de réir Airteagal 13 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, le chéile roinnt uaireanta[8]. Tharraing Grúpa Comhairleach Baile an Aontais suas clár oibre saincheisteanna agus moltaí inar tugadh léiriú ar thuairimí na sochaí sibhialta maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus maidir le caidreamh níos leithne idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (Rianaire Saincheisteanna Caidreamh idir an tAontas-an Ríocht Aontaithe)[9]. Cuireann an Coimisiún an t-ionchur sin san áireamh ina chuid idirghníomhaíochtaí leis an Ríocht Aontaithe maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a chur chun feidhme.

Ina theannta sin, rinneadh an **Fóram Sochaí Sibhialta**, a cruthaíodh faoi Airteagal 14 den Chomhaontú Trádála agus Comhair chun idirphlé a dhéanamh ar chur chun feidhme Chuid a Dó den Chomhaontú Trádála agus Comhair, a chumhdaíonn trádáil, iompar, iascach agus socruithe eile, a thionól an 7 Samhain 2023 i Londain. Díríodh sa chruinniú ar shaincheisteanna cur chun feidhme a bhaineann le trádáil earraí agus seirbhísí, comhar rialála, cothrom iomaíochta, fuinneamh agus an aeráid[10]. Cuireann an Coimisiún na tuairimí a léirigh eagraíochtaí sochaí sibhialta, ceardchumainn, gnólachtaí an Aontais agus eagraíochtaí eile d'oibrithe san Fhóram Sochaí Sibhialta san áireamh. Féachann an Coimisiún lena leasanna a chur chun cinn i bpléití leis an Ríocht Aontaithe maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

3. Uirlisí forfheidhmithe, réiteach díospóidí agus gearáin

Chuir an Coimisiún sásraí i bhfeidhm chun na gealltanais a rinneadh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair a fhorfheidhmiú, chun díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn a réiteach agus chun gearáin ó pháirtithe leasmhara san Aontas a láimhseáil.

3.1. Uirlisí forfheidhmithe

Glacadh dhá rialachán in 2023 chun é a chur ar a chumas don Aontas a chearta a fheidhmiú maidir leis na comhaontuithe a tugadh i gcrích leis an Ríocht Aontaithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach agus tráthúil. Seo iad: an Rialachán[11] a

[8] Miontuairiscí na gcruinnithe: https://www.eesc.europa.eu/en/sections-other-bodies/other/eu-domestic-advisory-group-under-eu-uk-tca/events

[9] Rianaire maidir le Saincheisteanna Caidreamh idir an tAontas-an Ríocht Aontaithe: https://www.eesc.europa.eu/sites/default/files/files/eu-uk_relations_issues_tracker_december_2022_january_update_0.pdf

[10] Clár oibre an chruinnithe: https://policy.trade.ec.europa.eu/events/second-eu-uk-trade-and-cooperation-agreement-civil-society-forum-2023-11-07_en

[11] Rialachán (AE) 2023/657 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Aontais i ndáil le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32023R0657.

chumhdaíonn an Comhaontú um Tharraingt Siar[12] agus an Comhaontú Trádála agus Comhair a mhéid a bhaineann leis na hábhair a thagann faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Rialachán[13] a chumhdaíonn an Comhaontú Trádála agus Comhair a mhéid a bhaineann leis na hábhair a thagann faoi raon feidhme Chonradh Euratom.

Soláthraítear bunús dlí leis na rialacháin sin don Choimisiún bearta aontaobhacha agus bearta forfheidhmithe a ghlacadh mar a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair agus sa Chomhaontú um Tharraingt Siar. Go sonrach, beidh an Coimisiún in ann a oibleagáidí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair a chur ar fionraí mura gcomhlíonfaidh an Ríocht Aontaithe rialú de chuid an bhinse eadrána a bhunaítear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair[14] nó faoin gComhaontú um Tharraingt Siar. I gcásanna áirithe, beidh an Coimisiún in ann gníomhú go haontaobhach chun leasanna an Aontais a chosaint gan dul i muinín eadrána, i gcásanna ina mbeadh an baol ann go dtiocfadh tionchar diúltach suntasach ar thrádáil nó infheistíocht idir an dá pháirtí de dheasca fóirdheontais sa Ríocht Aontaithe, mar shampla[15].

3.2. Réiteach díospóide

Cé gur glacadh leis an liosta eadránaithe arna bhunú faoi Airteagal 752 den Chomhaontú Trádála agus Comhair in 2022[16], leanadh den obair in 2023 ar an liosta de chomhaltaí an phainéil saineolaithe chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcothrom iomaíochta i gcomhréir le hAirteagal 409(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. An 23 Márta 2023, chuir an tAontas togra foirmiúil faoi bhráid na Ríochta Aontaithe ina raibh liosta de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina bpainéalaithe agus ina gcathaoirligh ar phainéal saineolaithe[17]. Sheol an Ríocht Aontaithe a thogra chuig an Aontas an 13 Iúil 2023. Bunaithe ar na tograí sin faoi seach, tá liosta de 15 dhuine ar a laghad le tarraingt suas ag an gCoiste Speisialaithe Trádála um Chothrom Iomaíochta um an Iomaíocht Chóir agus Oscailte agus um Fhorbairt Inbhuanaithe. Réamh-mheastar go mbeidh an liosta sin tugtha i gcrích sa chéad leath de 2024.

---

[12] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach 2019/C 384 I/01: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A12019W%2FTXT%2802%29.

[13]Rialachán (Euratom) 2023/1479 ón gComhairle an 14 Iúil 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú chearta an Chomhphobail i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2023.182.01.0086.01.ENG&toc=OJ%3AL%3A2023%3A182%3ATOC.

[14] Airteagal 749(4) den Chomhaontú Trádála agus Comhair

[15] Airteagal 374(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair

[16] Cinneadh Uimh. 3/2022 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 21 Nollaig 2022 lena mbunaítear liosta de dhaoine atá toilteanach agus inniúil ar bheith ina gcomhaltaí de bhinse eadrána faoin gComhaontú Trádála agus Comhair: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:22022D2550

[17] https://commission.europa.eu/system/files/2023-04/Letter%20to%20Secretary%20of%20State%20Rt%20Hon%20James%20Cleverly%20MP.pdf

3.3. Gearáin

Cuireadh sé ghearán isteach in 2023 trí na huirlisí láraithe arna mbunú ag an gCoimisiún[18]. Dearbhaíodh go raibh ceann de na haighneachtaí sin neamh-incháilithe, toisc gur eintiteas ón Ríocht Aontaithe a chuir isteach é. Bhain na cúig aighneacht eile le saincheisteanna atá lasmuigh de raon feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair[19]. Atreoraíodh iad chuig ranna ábhartha an Choimisiúin chun freagra a thabhairt orthu.

4. Cur chun feidhme earnála

D'éirigh go maith le cur chun feidhme earnála an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair. Cuireadh na gealltanais uile maidir le cur chun feidhme a bhí le comhlíonadh le haghaidh 2023 nó go luath in 2024 i gcrích nó tá siad ar sceideal.

Leagtar amach sa roinn seo na príomhrudaí a baineadh amach, chomh maith leis na príomhfhorbairtí beartais sa Ríocht Aontaithe sna réimsí éagsúla. Déantar cainníochtú ann freisin, i gcás inar féidir, ar shreafaí trádála idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

4.1. Trádáil earraí

Ar an iomlán, d'éirigh thar barr leis na socruithe a bhain le trádáil a leagadh amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair.

I gcomhréir le hAirteagal 31 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, bhí an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ag gabháil do mhalartú staitisticí allmhairiúcháin in 2023[20]. Taispeánann siad seo go bhfuil na rátaí úsáide tosaíochta[21] fós ard agus iad inchomparáide le rátaí na bliana roimhe: bhain 88,4 % de na hearraí incháilithe tosaíochta a onnmhairíodh chuig an Ríocht Aontaithe agus 81,2 % de na hearraí incháilithe tosaíochta a allmhairíodh ón Ríocht Aontaithe úsáid as na tosaíochtaí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Tá na rátaí sin i measc na rátaí is airde i gcomparáid leis na rátaí úsáide tosaíochta faoi chomhaontuithe saorthrádála an Aontais le comhpháirtithe eile[22].

Gealltanais a rinneadh faoin gComhaontú Trádála agus Comhair agus a bhí le tabhairt i gcrích, comhlíonadh iad ar bhealach sásúil agus tráthúil le haghaidh trádáil i d**táirgí orgánacha**. Rinne an tAontas agus an Ríocht Aontaithe an t-athmheasúnú ar aitheantas frithpháirteach coibhéise reachtaíocht a chéile i gcomhréir le hAirteagal 3(3) d'Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Tar éis an

[18] https://ec.europa.eu/assets/sg/complaint_eu_uk_tca/complaints_en/ agus https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/en/content/single-entry-point-0

[19] Bhain na haighneachtaí sin leis na rialacha inimirce d'úinéirí tí, le haitheantas d'oiliúint leighis áirithe, rialuithe airgid ag an teorainn, cosaint sonraí i bpróisis víosa, agus soghluaisteacht mac léinn.

[20] Cumhdaítear an bhliain 2022 sna sonraí.

[21] Léiríonn an ráta úsáide tosaíochta an sciar allmhairí nó onnmhairí a thagann isteach faoi thosaíochtaí trádála mar sciar de luach iomlán na n-allmhairí nó na n-onnmhairí atá incháilithe do thosaíochtaí ó thír chomhpháirtíochta.

[22] Chun sonraí a fháil, féach an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Cur chun Feidhme agus Forfheidhmiú Bheartas Trádála an Aontais: https://policy.trade.ec.europa.eu/enforcement-and-protection/implementing-and-enforcing-eu-trade-agreements_en

athmheasúnaithe, ghlac an Coimisiún cinneadh[23] an 6 Nollaig 2023 inar deimhníodh aitheantas coibhéise, i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(a) den Chinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair[24]. Sa Ríocht Aontaithe, deimhníodh aitheantas coibhéise an Aontais trí chinneadh aireachta arna ghlacadh an lá céanna. Léiríonn an clár ar líne[25] sa Ríocht Aontaithe an t-aitheantas leanúnach a fhaigheann an tAontas. De thoradh an athmheasúnaithe, is féidir le trádáil i dtáirgí orgánacha a chumhdaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair leanúint gan cur isteach orthu tar éis 2023.

Ag a chruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2023, thug an Coiste Speisialaithe Trádála um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil an t-athbhreithniú i gcrích maidir leis na céimeanna breise chun **trádáil i bhfíon** a éascú, rud a bhí le tabhairt i gcrích laistigh de 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, i gcomhréir le hAirteagal 7 d'Iarscríbhinn 15.

Chun an comhar a éascú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe maidir le **cáin bhreisluacha agus éilimh maidir le cánacha agus dleachtanna**, glac an Coiste freagrach leis na cinntí[26] is gá chun an Prótacal maidir le comhar riaracháin agus an comhrac in aghaidh na calaoise i réimse na Cánach Breisluacha a chur chun feidhme ina iomláine agus maidir le cúnamh frithpháirteach chun éilimh a bhaineann le cánacha agus dleachtanna a aisghabháil (Prótacal CBL) dá dtagraítear in Airteagal 120 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Dá thoradh sin, is féidir an Prótacal CBL a chur chun feidhme ina iomláine a luaithe agus a bheidh na córais leictreonacha is gá oibríochtúil, rud a bhfuil coinne leis i gcaitheamh 2024. Tabharfaidh sé sin deis do na Ballstáit rialacha CBL an Aontais a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr, chomh maith le cánacha agus dleachtanna custaim a aisghabháil ó ghnólachtaí sa Ríocht Aontaithe a dhéanann soláthar do chustaiméirí san Aontas.

A mhéid a bhaineann le **rialacha tionscnaimh**, an 21 Nollaig 2023, ghlac an Chomhairle Comhpháirtíochta le cinneadh[27] lena gcuirfear síneadh 3 bliana go dtí an 31 Nollaig 2026 ar na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha atá ann faoi láthair le haghaidh ceallraí agus feithiclí leictrithe. Chuir an Chomhairle Comhpháirtíochta i dtábhacht gur beart aonuaire a bhí ansin. Chun taraifí a sheachaint tar éis an dáta sin, ní mór do pháirtithe leasmhara na 3 bliana

[23] Cinneadh (AE) 2023/2719 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2023 maidir le haitheantas coibhéise a dhaingniú i dtaca le táirgí orgánacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2023/2719.

[24] Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L149/2) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32021D0689&from=EN.

[25] https://www.gov.uk/government/publications/organic-registers-lists-of-third-countries-or-territories-control-bodies-and-control-authorities

[26] Féach Iarscríbhinn 3 chun sonraí a fháil.

[27] Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhairle Comhpháirtíochta a mhéid a bhaineann leis na rialacha idirthréimhseacha táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe: https://commission.europa.eu/publications/decision-no-12023-partnership-council-regards-transitional-product-specific-rules-electric_en.

bhreise a úsáid chun slabhraí soláthair a chur in oiriúint ionas go mbeidh i bhfeithiclí atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig an bpáirtí eile ceallraí a chomhlíonann na rialacha tionscnaimh a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair. Chun cineál aonuaire an tsínidh sin a áirithiú, chuir an Chomhairle Comhpháirtíochta teorainn freisin lena cumhachtaí amach anseo na rialacha táirgeshonracha sin a leasú arís[28].

Maidir le forbairtí sa Ríocht Aontaithe, rinneadh cur chuige nua maidir le **seiceálacha slándála ar earraí ón Aontas**, lena n-áirítear **ceanglais sláintíochta agus fíteashláintíocha**, atá le tabhairt isteach go forchéimnitheach ó mhí Dheireadh Fómhair 2023, rinneadh iad a fhógairt an 5 Aibreán 2023[29]. Mar sin féin, an 29 Lúnasa, le foilsiú Sprioc-Shamhail Oibriúcháin Teorann[30], chinn an Ríocht Aontaithe seiceálacha teorann iomlána a chéimniú isteach le haghaidh allmhairí ón Aontas i gcaitheamh 2024.

Mar gheall ar fhoilsiú deireanach Sprioc-Shamhail Oibriúcháin Teorann agus mar gheall ar an easpa mionsonraí maidir le roinnt mhaith dá cuid forálacha, in éineacht le moill a rinne an Ríocht Aontaithe maidir le deimhniú leictreonach a thabhairt isteach, bhí imní mhór san Aontas maidir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta beachta a bheadh os comhair onnmhairí an Aontais. Thairis sin, d'fhéadfadh ceanglais riaracháin bhreise, costais[31] agus moill fhada a d'fhéadfadh a bheith ag an teorainn éifeacht athchomhairleach a bheith acu ar onnmhairiú táirgí agraibhia chuig an Ríocht Aontaithe.

Cé gurb í an Ríocht Aontaithe atá freagrach as córas allmhairiúcháin inoibrithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chun cuidiú le páirtithe leasmhara an Aontais ullmhú do na ceanglais nua maidir le hallmhairiú, lorg an Coimisiún na soiléirithe ba ghá ó údaráis na Ríochta Aontaithe trí na modhanna arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, amhail na Coistí Speisialaithe Trádála um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta agus na Coistí Speisialaithe um Chomhar Custaim agus Rialacha Tionscnaimh. D'úsáid an Coimisiún struchtúir amhail an Grúpa Comhairleach Baile agus an Coiste Comhairleach um Rochtain ar an Margadh chun dul i mbun plé le páirtithe leasmhara san Aontas.

An 1 Lúnasa 2023, d'fhógair an Roinn um Ghnó agus Trádáil síneadh éiginnte ar an úsáid a bhaintear as marcáil CE le haghaidh 18 gcatagóir táirgí a thagann faoina sainchúram[32]. Ciallaíonn sé sin ná gá do mhonaróirí na gcatagóirí táirgí sin ón Aontas an marc Measúnú Comhréireachta RA (UKCA) a ghreamú d'earraí chun iad a chur ar an margadh sa Bhreatain Mhór ach is féidir leo leanúint ag úsáid na marcála CE chun a dheimhniú go gcomhlíonann táirgí ceanglais sábháilteachta, sláinte agus ceanglais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil. Ní gá ach an oiread earraí a chur faoi mheasúnú comhréireachta tríú páirtí sa Ríocht Aontaithe. Ní léir go fóill cé acu a cheadóidh nó nach gceadóidh ranna rialtais eile sa Ríocht Aontaithe go leanfaí ag úsáid na marcála CE le haghaidh catagóirí eile táirgí.

---

[28] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_6707

[29] An Sprioc-Shamhail Oibriúcháin Teorann: Dréacht i gcomhair Aiseolais: https://www.gov.uk/government/publications/the-border-target-operating-model-draft-for-feedback.

[30] An Sprioc-Shamhail Oibriúcháin Teorann: https://www.gov.uk/government/publications/the-border-target-operating-model-august-2023.


[31] Mheas rialtas na Ríochta Aontaithe go gcosnódh na seiceálacha nua teorann ar tháirgí ainmhithe agus plandaí arna n-allmhairiú ón Aontas thart ar GBP 330 milliún sa bhliain ar ghnólachtaí i bhfoirm costais riaracháin bhreise: https://www.ft.com/content/015e1f25-0725-49f1-9a7d-bf9ec0dc4678.

[32] https://www.gov.uk/government/news/uk-government-announces-extension-of-ce-mark-recognition-for-businesses?utm_medium=email&utm_campaign=govuk-notifications-topic&utm_source=16bd8618-3575-44cc-b015-b8fa30cc34c5&utm_content=immediately.

Forbraíodh na **sreafaí trádála** idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe mar a leanas in 2023[33].

Sna chéad trí ráithe de 2023, rinne an tAontas EUR 251 bhilliún d'earraí a onnmhairiú chuig an Ríocht Aontaithe, ar méadú 2,8 % é sin i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022 agus 3,5 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019[34]. B'fhiú EUR 139 mbilliún allmhairí an Aontais ón Ríocht Aontaithe sna chéad trí ráithe de 2023, ar laghdú 15,7 % é i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022 agus titim de 4,2 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019. In 2023, bhí barrachas trádála suntasach de EUR 112 bhilliún ag an Aontas leis an Ríocht Aontaithe.

Nuair a chuirtear trádáil an Aontais leis an Ríocht Aontaithe i gcomparáid le trádáil an Aontais leis an gcuid eile den domhan sna chéad trí ráithe de 2023, tháinig méadú 0,5 % ar onnmhairí an Aontais chuig tíortha nach Ballstáit den Aontas iad i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022 agus tháinig méadú 23,5 % orthu i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019. Tháinig titim 15,2 % ar allmhairí an Aontais ó thríú tíortha eile i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022 agus tháinig méadú 35,1 % orthu i gcomparáid le 2019.




Fíor 1: Trádáil earraí an Aontais leis an Ríocht Aontaithe i gcomparáid le trádáil an Aontais leis an gcuid eile den domhan, na chéad trí ráithe de 2019, 2022 agus 2023, EUR billiún. Foinse: Eurostat

[33] Tá na figiúirí uile bunaithe ar shonraí Eurostat.

[34] In 2019, bhí na sonraí maidir le trádáil leis an Ríocht Aontaithe bunaithe ar choincheapa staitistiúla is infheidhme maidir le trádáil idir Ballstáit an Aontais. Ó mhí Eanáir 2021, rinne sonraí maidir le trádáil leis an Ríocht Aontaithe comhiomlánú ar thrádáil an Aontais leis an Ríocht Aontaithe gan Tuaisceart Éireann san áireamh, ag úsáid na gcoincheap staitistiúil céanna agus a úsáidtear maidir le trádáil le tír chomhpháirtíochta nach de chuid an Aontais Eorpaigh í, agus i gcás sonraí maidir le trádáil an Aontais le Tuaisceart Éireann a úsáideann na coincheapa staitistiúla céanna agus a úsáidtear le haghaidh trádáil idir na Ballstáit. Foilsíonn Eurostat trádáil in earraí leis an Ríocht Aontaithe i dtacair shonraí an Aontais maidir le trádáil le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad (sonraí 'lasmuigh den Aontas').


Sna chéad trí ráithe de 2023, bhí 10,2 % de thrádáil an Aontais lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta á dhéanamh trí thrádáil earraí iomlán leis an Ríocht Aontaithe, ag léiriú méadú beag ó 9,9 % in 2022 agus laghdú ó 12,7 % in 2019.

Ba í an Ríocht Aontaithe ceann scríbe 13,2 % d'onnmhairí an Aontais (i gcomparáid le 12,9 % in 2022 agus 15,3 % in 2019), agus na Stáit Aontaithe sa dara háit (19,5 %). Sa Ríocht Aontaithe a thosaigh 7,3 % d'allmhairí an Aontais (i gcomparáid le 7,3 % in 2022 agus 10,00 % in 2019), sa tríú háit taobh thiar den tSín (20,4 %) agus na Stáit Aontaithe (13,5 %).



Fíor 2: Trádáil earraí an Aontais lena thrí chomhpháirtí idirnáisiúnta is mó, na chéad trí ráithe de 2019, 2022 agus 2023, (%). Foinse: Eurostat

Ba iad na hearnálacha innealra agus trealamh iompair na hearnálacha inar léirigh onnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe an méadú ba láidre in 2023 i gcomparáid le 2022 (+14 %), agus bia, deochanna agus tobac (+11 %). Níor tháinig méadú ar allmhairí an Aontais ón Ríocht Aontaithe in 2023 ach amháin le haghaidh innealra agus trealamh iompair (+15 %), agus bia, deochanna agus tobac (+4 %), agus laghdaigh siad le haghaidh na gcatagóirí eile táirgí uile.



Fíor 3: Trádáil earraí an Aontais leis an Ríocht Aontaithe tríd an Aicmiú Trádála Idirnáisiúnta Caighdeánach (SITC) le haghaidh earraí, na chéad trí ráithe de 2019, 2022 agus 2023, EUR billiún. Foinse: Eurostat

4.2. Seirbhísí agus infheistíocht, trádáil dhigiteach, maoin intleachtúil, soláthar poiblí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide

Ní raibh aon fhadhb shuntasach ann maidir le cur chun feidhme na réimsí seo: seirbhísí agus infheistíocht, trádáil dhigiteach, maoin intleachtúil, soláthar poiblí agus fiontair bheaga agus mheánmhéide.

Ag a chruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2023, thug an Coiste Speisialaithe Trádála um Sheirbhísí, Infheistíocht agus Trádáil Dhigiteach an t-athbhreithniú i gcrích ar chur chun feidhme na forála maidir le **sreafaí sonraí trasteorann,** a bhí le tabhairt i gcrích laistigh de 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, i gcomhréir le hAirteagal 201(2).

A mhéid a bhaineann le h**aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla**, rinne an Coimisiún measúnú ar an Moladh Comhpháirteach a chuir Comhairle Ailtirí na hEorpa agus an Bord Clárúcháin Ailtirí sa Ríocht Aontaithe isteach i mí Dheireadh Fómhair 2022, de bhun Airteagal 158(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, chomh maith le dréacht-chomhaontú um aitheantas frithpháirteach.

Bhí an Coimisiún den tuairim go raibh an togra míchothrom agus go ndéanfaí dochar leis d'ailtirí an Aontais, toisc go dtabharfadh sé d'ailtirí a cháiligh sa Ríocht Aontaithe leibhéal aitheantais atá comhchosúil leis sin a bheadh acu nuair a bhí an Ríocht Aontaithe ina Ballstát, ach cheanglófaí ar ailtirí a cháiligh i mBallstát den Aontas scrúduithe gairmiúla ar leith a dhéanamh sa Ríocht Aontaithe. Níl aon bhonn cirt ag an neamhshiméadracht sin ar aon cheann de na forais fhéideartha le haghaidh bearta cúiteacha a leagtar amach sa Chomhaontú Trádála agus Comhair. Chuir na comhlachtaí gairmiúla leagan athbhreithnithe den mholadh comhpháirteach isteach agus dréacht-chomhaontú um aitheantas frithpháirteach, nach dtugann aghaidh ar an neamhshiméadracht sin. Measann an Coimisiún nach leordhóthanach na doiciméid sin mar bhunús chun tús a chur le caibidlíochtaí.


Leanadh den phlé leis an Ríocht Aontaithe ar a rialacha maidir le Soghluaisteacht Gnó Dhomhanda agus na deacrachtaí a bhíonn ag oibreoirí an Aontais, go háirithe na **ceanglais urraíochta** lena mbaineann ualach mór nach mór do sholáthróirí seirbhíse an Aontais a chomhlíonadh chun seirbhís a sholáthar sa Ríocht Aontaithe[35]. Leanfaidh an Coimisiún lena iarrachtaí réiteach a fháil.

I réimse na **maoine intleachtúla**, cuireadh tús le pléití idir Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh agus Oifig Maoine Intleachtúla na Ríochta Aontaithe maidir le feabhas a chur ar an gcomhar, dá ndéantar foráil in Airteagal 273 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, trí bhíthin meabhrán tuisceana.

Forbraíodh **sreafaí trádála** idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe mar a leanas in 2023[36].

Sna trí chéad ráithe de 2023, d'onnmhairigh an tAontas seirbhísí chuig an Ríocht Aontaithe arbh fhiú EUR 197 mbilliún iad, rud a léiríonn méadú 5,2 % ar an tréimhse chéanna in 2022 agus 18,2 % níos mó ná sa tréimhse chéanna de 2019. B'fhiú EUR 152 bhilliún allmhairí an Aontais ón Ríocht Aontaithe, a léiríonn méadú 4,6 % i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022 agus 17,9 % níos mó i gcomparáid le 2019. In 2023, bhí barrachas trádála ag an Aontas leis an Ríocht Aontaithe arbh fhiú EUR 45 bhilliún é.

Agus trádáil an Aontais leis an Ríocht Aontaithe á cur i gcomparáid le trádáil an Aontais leis an gcuid eile den domhan, sa chéad leath de 2023, tháinig laghdú imeallach 0,4 % ar onnmhairí an Aontais chuig tríú tíortha eile i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022 agus tháinig méadú 28,7 % orthu i gcomparáid le 2019. Tháinig méadú 4,9 % ar allmhairí an Aontais ó thríú tíortha eile i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022 agus méadú 28,8 % i gcomparáid le 2019.




[35] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Roinn 3.2. de dhara tuarascáil an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair: https://commission.europa.eu/system/files/2023-03/COM_2023_118_en.PDF.

[36] Tá na figiúirí uile bunaithe ar shonraí Eurostat.

Fíor 4: Trádáil seirbhísí an Aontais leis an Ríocht Aontaithe i gcomparáid le trádáil an Aontais leis an gcuid eile den domhan, trí ráithe de 2019, 2022 agus 2023, EUR billiún. Foinse: Eurostat


Sna chéad trí ráithe de 2023, bhí 19,1 % de thrádáil iomlán an Aontais lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta á dhéanamh trí thrádáil seirbhísí iomlán leis an Ríocht Aontaithe, rud a léirigh méadú beag ó 18,7 % in 2022 agus laghdú i gcomparáid le 2019 (20,5 %).

Ba í an Ríocht Aontaithe ceann scríbe 20,1 % d'onnmhairí an Aontais in 2023 (i gcomparáid le 19,2 % in 2022 agus 21,5 % in 2019), agus na Stáit Aontaithe sa dara háit (21,7 %). Sa Ríocht Aontaithe a thosaigh 18,0 % d'allmhairí an Aontais (i gcomparáid le 18,0 % in 2022 agus 19,3 % in 2019), sa dara háit taobh thiar de na Stáit Aontaithe (33,6 %).



Fíor 5: Trádáil seirbhísí an Aontais lena thrí chomhpháirtí idirnáisiúnta is mó, na chéad trí ráithe de 2019, 2022 agus 2023, (%). Foinse: Eurostat

Ba iad na hearnálacha taistil (+19,2 %) agus seirbhísí árachais (+12,4 %) agus pinsin na hearnálacha inar léirigh onnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe an méadú ba láidre in 2023 i gcomparáid le 2022. Bhí an méadú ba mhó freisin i dtaisteal le haghaidh allmhairí an Aontais ón Ríocht Aontaithe (+19,3 %), agus ansin seirbhísí teileachumarsáide agus ríomhairí (+8,8 %).



Fíor 6: Trádáil seirbhísí an Aontais leis an Ríocht Aontaithe sna chéad trí ráithe de 2023 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna de 2022 agus 2019, de réir cineál seirbhíse[37]*, EUR billiún. Foinse: Eurostat*

4.3. Fuinneamh

I bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, tá sé tábhachtach go háirithe comhar a neartú maidir le fuinneamh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe. Cuireadh i dtábhacht an tábhacht atá le comhar sa réimse sin ag an dara cruinniú den Chomhairle Comhpháirtíochta. Mar sin féin, bhí dúshlán fós ag baint le cur chun feidhme iomlán na bhforálacha fuinnimh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair i ngeall ar chastacht an chomhaid.

Ní dhearnadh ach dul chun cinn i bpáirt maidir le cur chun feidhme na **socruithe nua trádála leictreachais** dá ndéantar foráil in Airteagal 312 agus in Iarscríbhinn 29 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Tar éis an moladh a rinne an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh an 7 Feabhra 2023, chuir na hOibreoirí Córais Tarchurtha ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe faisnéis bhreise isteach. Níor sainaithníodh leis an bhfaisnéis sin bealach soiléir chun cinn chun na socruithe nua a ghlacadh, toisc go raibh imní ann i gcónaí faoi chomh láidir agus chomh slán i bhfad na haimsire a bheadh na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann. Leanann an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh ag fiosrú roghanna agus bealaí chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin.

I gcomhthéacs na n-iarrachtaí chun bealaí eile a fháil a bheadh éagsúil ó bhreoslaí na Rúise, bhí tábhacht fós le comhar faoi Airteagal 315 den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le **slándáil an tsoláthair**. In 2023, bhí na soláthairtí gáis ón Ríocht Aontaithe chuig an Aontas fós ard. Chuidigh sé sin le slándáil soláthair an Aontais agus le héagsúlú na bhfoinsí fuinnimh. Agus na hullmhúcháin á ndéanamh le haghaidh gheimhreadh 2023-2024, bhí

[37] Is iad seo na cineálacha seirbhísí a áirítear faoi 'Eile': SA - seirbhísí monaraíochta ar ionchuir fhisiceacha faoi úinéireacht daoine eile, SB - seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin, SE - tógáil, SK - seirbhísí pearsanta, cultúrtha agus áineasa, SL - earraí agus seirbhísí rialtais agus seirbhísí nár leithdháileadh.

malartuithe teicniúla ar siúl maidir le hullmhacht an gháis agus an leictreachais agus maidir le sábháilteacht oibríochtaí amach ón gcósta.

I gcomhréir le hAirteagal 319 den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le **fuinneamh inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh**, d'inis an tAontas don Ríocht Aontaithe faoi spriocanna níos uaillmhianaí a bhí aige ag leanúint ón Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite[38] agus an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[39].

Rinneadh dul chun cinn ar an gcomhar maidir le **forbairt fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta**, i gcomhréir le hAirteagal 321 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, agus faoi scáth an Mheabhráin Tuisceana maidir le comhar i bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta idir rannpháirtithe Chomhar Fuinnimh na Mara Thuaidh agus an Ríocht Aontaithe[40].

Thóg an tAontas agus an Ríocht Aontaithe céimeanna freisin chun **comhar idir** a **n-oibreoirí córais tarchurtha agus údaráis rialála** a éascú, dá ndéantar foráil in Airteagail 317 agus 318 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Tá coinne leis go gcuirfear socruithe i bhfeidhm idir oibreoirí córais tarchurtha le haghaidh gáis agus leictreachais[41] na bpáirtithe agus na húdaráis rialála araon[42] in 2024.

4.4. Iompar

Ní raibh aon fhadhb le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair i réimse an iompair agus díríodh ann ar fheidhmiú éifeachtach na gceart arna ndeonú go frithpháirteach ag na páirtithe.

I réimse na **sábháilteachta eitlíochta**, as 18 n-iarratas a cuireadh isteach chun deimhnithe arna n-eisiúint ag Údarás Eitlíochta Sibhialta na Ríochta Aontaithe a bhailíochtú, d'fhormheas Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais aon cheann amháin díobh ar bhonn Airteagal 446 i gcomhar le hIarscríbhinn 30 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Le tacaíocht ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais, bhailíochtaigh údaráis na Ríochta Aontaithe ceithre thionscadal amach as cúig thionscadal arna gcur isteach ag iarratasóirí ón Aontas. Tá na figiúirí sin laistigh den raon gníomhaíochta a bhfuil coinne leis i dtéarmaí bailíochtúcháin.

---

[38] Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32023L2413&qid=1699364355105.

[39] Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ%3AJOL_2023_231_R_0001&qid=1695186598766.

[40] Meabhrán Tuisceana maidir le comhar fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta idir rannpháirtithe Chomhar Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC), de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile: https://energy.ec.europa.eu/system/files/2022-12/NSEC%20UK%20MoU%20signed.pdf.

[41] An Líonra Eorpach um Oibreoirí Córais Tarchurtha le haghaidh Leictreachais agus an Líonra Eorpach um Oibreoirí Córais Tarchurtha le haghaidh Gáis san Aontas agus na hoibreoirí córais tarchurtha le haghaidh leictreachais agus gáis sa Ríocht Aontaithe.

[42] Gníomhaireacht an Aontais um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh agus an t-údarás rialála sa Ríocht Aontaithe.

I réimse an **aeriompair**, faoi dheireadh 2023, bhí 23 chomhaontú dhéthaobhacha[43] maidir le seirbhísí lasta-uile ann idir Ballstát den Aontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 419(4) agus (9) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Tugadh dhá cheann de na comhaontuithe sin (leis an gCróit agus leis an tSlóivéin) i gcrích in 2023.

I réimse an **iompair de bhóthar**, ghlac an Coiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar cinneadh[44] de bhun Airteagal 468(5) agus Airteagal 2(2) de Roinn 4 de Chuid B d'Iarscríbhinn 31 den Chomhaontú Trádála agus Comhair, ag cur sonraíochtaí teicniúla thacagraf cliste 2 in oiriúint mar atá leagtha amach i ndlí an Aontais[45]. Dá thoradh sin, ceanglaítear ar oibreoirí tarlaithe bóthair sa Ríocht Aontaithe tacagraif chliste a chur ina gcuid feithiclí a chomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla sin le linn dóibh dul ar thurais i gcomhréir le hAirteagal 462 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Ar mhaithe le hiomláine, i réimse **an iompair ar iarnród**, nach gcumhdaítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair, an 20 Meitheamh 2023, ghlac an Coimisiún togra[46] le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcumhachtaítear Poblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht.

A mhéid a bhaineann le forbairtí sa Ríocht Aontaithe, leasaíodh reachtaíocht[47] maidir le **cabatáiste**, lena gcúlghairtear an ceart atá ag oibreoirí an Aontais an cineál sin gníomhaíochta a dhéanamh tar éis an turais gan ualach nó i gcomhar le gníomhaíochtaí iompair sa Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, baineadh an ceart atá ag oibreoirí an Aontais gníomhaíochtaí iompair a dhéanamh idir an Ríocht Aontaithe agus tíortha eile nach Ballstáit den Aontas iad. De réir na Ríochta Aontaithe, ba é aidhm na n-athruithe sin leibhéal oscailteachta a mhargaidh a ailíniú lena oibleagáidí faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

4.5. Iascach

Rinneadh dul chun cinn maith ar chur chun feidhme fhorálacha an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

---

[43] Shínigh na Ballstáit seo a leanas comhaontuithe déthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an tSualainn agus an Ungáir.

[44] Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 23 Samhain 2023 agus maidir le hoiriúnú sonraíochtaí teicniúla thacagraf cliste 2: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/293/oj.

[45] Iarscríbhinn IC de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/799 ón gCoimisiún arna leasú le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1228[2] agus (AE) 2023/980: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32023R0980.

[46] Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcumhachtaítear Poblacht na Fraince comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú, a shíniú agus a thabhairt i gcrích maidir leis na ceanglais sábháilteachta agus idir-inoibritheachta laistigh de Nasc Seasta Mhuir nIocht: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52023PC0328.

[47] Rialacháin maidir le hUaireanta Tiománaithe, Tacagraif, Tarlú Idirnáisiúnta de Bhóthar agus Ceadúnú Oibreoirí (Leasú) 2022: https://www.legislation.gov.uk/uksi/2022/1260/contents/made.

Chun feabhas a chur ar **bhainistiú inbhuanaithe na stoc iascaireachta comhroinnte,** ghlac an Coiste Speisialaithe um Iascach roinnt cinntí agus moltaí in 2023, lena n-áirítear treoirlínte comhpháirteacha maidir le fógra a thabhairt don pháirtí eile faoi bhearta bainistíochta[48]**.**

Lean an Coimisiún ag plé **bearta bainistíochta** leis an Ríocht Aontaithe ar bearta iad ar tugadh fógra ina leith faoi Airteagal 496(3) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shoithí an dá pháirtí.

Thosaigh an Coimisiún agus údaráis na Ríochta Aontaithe, Gheirsí agus Gheansaí ag cur na socruithe chun feidhme maidir le cineál agus coinníollacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta a dtugann soithí iascaireachta an Aontais fúthu in uiscí Gheirsí agus Gheansaí, dá ndéantar foráil in Airteagal 502 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

I mí na Nollag, thug an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a gcomhairliúcháin bhliantúla i gcrích chun na **gabhálacha iomlána incheadaithe** le haghaidh stoic chomhroinnte in 2024 a chinneadh faoi Airteagal 498 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Tháinig na páirtithe ar chomhaontú cuimsitheach lena gcumhdaítear na stoic uile, rud a d'áiritheodh deiseanna iascaireachta os cionn 388 000 tona do chabhlach an Aontais agus meastar gur fiú thart ar EUR 1 bhilliún é bunaithe ar phraghsanna stairiúla tabhairt i dtír, arna gcoigeartú don bhoilsciú.

Ar deireadh, sna teagmhálacha a bhí ag an Aontas leis an Ríocht Aontaithe ar feadh 2023, chuir sé i dtábhacht an tábhacht atá leis na socruithe maidir le **rochtain chómhalartach ar uiscí** a leagan síos ó mhí Iúil 2026 ar aghaidh.

4.6. Comhordú na slándála sóisialta

Bhí comhar stuama sa réimse sin, agus an dá pháirtí tiomanta d'aon saincheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le cur chun feidhme an **Phrótacail maidir le Comhordú na Slándála Sóisialta** a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair ('an Prótacal') a réiteach.

Chun tarchur sonraí a éascú agus chun gnéithe airgeadais ar leith a shoiléiriú, ghlac an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta dhá chinneadh[49].

Ina theannta sin, rinne an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta obair theicniúil ar ábhair amhail athruithe breise íosta ar dhoiciméid leictreonacha struchtúracha agus ar athruithe íosta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar dhoiciméid iniompartha, na nósanna imeachta a bheidh le leanúint chun an costas a bhaineann le sochair bhreoiteachta a aisíoc, agus trasuí cinntí ábhartha an Choimisiúin Riaracháin um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta.

4.7. Forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla

D'éirigh go maith le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach.

[48] Féach Iarscríbhinn 3 chun sonraí a fháil.
[49] Féach Iarscríbhinn 3 chun sonraí a fháil.

Sa réimse a bhain le **malartuithe próifílí DNA agus méarloirg**, faoi dheireadh 2023, bhí rochtain tugtha ag 19 mBallstát[50] agus ag an Ríocht Aontaithe dá chéile ar a mbunachair sonraí DNA náisiúnta le haghaidh cuardach uathoibrithe, i gcomhréir le hAirteagal 530 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Rinne 12 Bhallstát[51] agus an Ríocht Aontaithe é sin i leith méarloirg, i gcomhréir le hAirteagal 534 den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Maidir le **haistriú sonraí Taifid Ainmneacha Paisinéirí** (PNR) arna dhéanamh ag aeriompróirí chuig an Ríocht Aontaithe le haghaidh eitiltí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 552(15) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, chuaigh an tréimhse eatraimh in éag an 31 Nollaig 2023[52]. Ón 1 Eanáir 2024, ní mór don Ríocht Aontaithe sonraí PNR paisinéara a scriosadh tar éis dó an Ríocht Aontaithe a fhágáil, mura léiríonn measúnú riosca gur gá sonraí den sórt sin a choinneáil.

Chun an comhar in ábhair choiriúla a dhéanamh níos éasca, ghlac an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach foirm chaighdeánach[53] le haghaidh iarrataí ar **chúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla**, dá dtagraítear in Airteagal 635 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Ceanglaítear ar na húdaráis inniúla an fhoirm sin a úsáid ón 1 Meán Fómhair 2023. Tá an fhaisnéis uile is gá ann le haghaidh iarrata ar chúnamh frithpháirteach.

4.8. Comhlachú na Ríochta Aontaithe le cláir áirithe de chuid an Aontais

Baineadh céim mhór amach i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair le comhlachú na Ríochta Aontaithe le cláir áirithe i gcomhréir le Cuid a Cúig den Chomhaontú Trádála agus Comhair, rud lenar soláthraíodh tuilleadh deiseanna le haghaidh comhair san eolaíocht, i dtaighde agus nuálaíocht.

Cumhdaítear i bPrótacail I agus II, arna nglacadh an 4 Nollaig 2023 ag an gCoiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais, na téarmaí agus coinníollacha sonracha le haghaidh rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe in Fís Eorpach agus comhpháirt Copernicus den chlár Spáis (Prótacal I), chomh maith le rochtain ar sheirbhísí chomhpháirt Faireachais agus Rianaithe Spáis an Aontais den chlár Spáis (Prótacal II) faoi chreat airgeadais

[50] An Bheilg, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir

[51] An Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Liotuáin, an Ostair, an Rómáin, an tSualainn, an tSeicia agus an Ungáir.

[52] Cinneadh Uimh. 2/2022 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 21 Nollaig 2022 a mhéid a bhaineann leis an dara síneadh, arb é an síneadh deiridh é, a chur leis an tréimhse eatramhach ar lena linn a fhéadfaidh an Ríocht Aontaithe maolú ón oibleagáid sonraí i dTaifead Ainmneacha Paisinéirí na bpaisinéirí a scriosadh tar éis dóibh imeacht as an Ríocht Aontaithe: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2022/2549/oj.

[53]Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe arna bhunú le hAirteagal 8(1)(r) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 19 Meitheamh 2023 lena mbunaítear foirm chaighdeánach le haghaidh iarrataí ar chúnamh frithpháirteach: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv%3AOJ.L_.2023.199.01.0103.01.ENG&toc=OJ%3AL%3A2023%3A199%3AFULL.

ilbhliantúil 2021 - 2027. Roghnaigh an Ríocht Aontaithe gan a bheith rannpháirteach i gClár Taighde agus Oiliúna Euratom agus sa Chomhghnóthas um Fhuinneamh Comhleá.

Tháinig comhlachú na Ríochta Aontaithe le Fís Eorpach i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024, agus leis sin bhí eintitis ón Ríocht Aontaithe in ann comhaontuithe deontais a shíniú agus cistiú a fháil faoi na cláir ábhartha ón gceathrú bliain den chreat airgeadais ilbhliantúil reatha. Go dtí sin, thug socruithe idirthréimhseacha an Choimisiúin do thíortha atá ar tí a bheith comhlachaithe le Fís Eorpach deis d'eintitis ón Ríocht Aontaithe dul faoi mheastóireacht ar na téarmaí céanna leo siúd as tíortha a bhí comhlachaithe cheana féin.

5. Forbairtí i ndlí na Ríochta Aontaithe

Lean an Coimisiún i mbun dlúth-fhaireacháin ar fhorbairtí reachtacha sa Ríocht Aontaithe, go háirithe maidir lena dtionchar ar na gealltanais faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

Tugtar breac-chuntas sa roinn seo ar fhorbairtí i ndlíthe ábhartha na Ríochta Aontaithe ar de chineál cothrománach iad (Roinn 5.1) agus iontu siúd a bhaineann leis an gcothrom iomaíochta (Roinn 5.2), ag féachaint ar na tograí reachtacha (billí) ba shuntasaí agus ar an reachtaíocht a glacadh (achtanna). I gcásanna inar glacadh le reachtaíocht, cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil chomh hábhartha agus atá sí don Chomhaontú Trádála agus Comhair. Ní chumhdaítear fógraí maidir le beartais atá beartaithe agus ar chomhairliúcháin phoiblí. Cé go bhféadfaidís sin treo beartais a shonrú, bheadh sé róluath teacht ar chonclúidí maidir lena n-ábharthacht don Chomhaontú Trádála agus Comhair.

5.1. Ábhair chothrománacha

In 2023, ritheadh dhá acht thábhachtacha, agus cuireadh dhá bhille ar an gclár a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don bhealach a fheidhmíonn an Comhaontú Trádála agus Comhair i roinnt mhaith réimsí. Tarraingíodh siar bille amháin lenar tarraingíodh anuas ábhar mór imní faoina chomhoiriúnacht leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Ritheadh an **tAcht um Dhlí Coinnithe an Aontais (Cúlghairm agus Athchóiriú)**[54] an 29 Meitheamh 2023. Cúlghairtear leis an Acht dlíthe coinnithe áirithe an Aontais faoi dheireadh 2023 agus baintear an stádas speisialta atá ag gach dlí coinnithe de chuid an Aontais i ndlíchóras na Ríochta Aontaithe[55]. Ina theannta sin, tarmligtear leis an Acht cumhachtaí suntasacha d'údaráis na Ríochta Aontaithe chun dlíthe coinnithe an Aontais a chúlghairm, a leasú nó a mhodhnú.

Lean an Coimisiún forbairtí go dlúth maidir le glacadh na reachtaíochta seo agus a comhoiriúnacht le gealltanais na Ríochta Aontaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Sa fhreagra oifigiúil a tugadh ar an Leas-Uachtarán Šefčovič agus i sraith cruinnithe teicniúla, dúirt údaráis na Ríochta Aontaithe leis an gCoimisiún nach é cuspóir an Achta na leibhéil chosanta in ábhair shaothair, chomhshaoil agus in ábhair a bhaineann leis an aeráid a ísliú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair. Mar sin féin, beidh gá le tuilleadh

[54] An tAcht um an Dlí Coinnithe an Aontais (Cúlghairm agus Athchóiriú) 2023: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2023/28/contents/enacted.

[55] Is é dlí coinnithe an Aontais corpas dhlí an Aontais a thug an Ríocht Aontaithe ar aghaidh ag deireadh na hidirthréimhse (31 Nollaig 2020) chun tubaiste rialála a sheachaint.

faireacháin chun comhlíontacht a áirithiú i bhfianaise an chumhachtaithe fhadréimsigh a deonaíodh d'údaráis na Ríochta Aontaithe chun dlí coinnithe an Aontais a mhodhnú agus ról na gcúirteanna maidir le reachtaíocht choinnithe an Aontais a léirmhíniú[56].

An 20 Iúil 2023, ritheadh an **tAcht um Inimirce Neamhrialta**[57], agus faoin Acht daoine a thiocfaidh isteach sa Ríocht Aontaithe go neamhdhleathach ní bheidh cead acu fanacht, ach cuirfear faoi choimeád iad agus tógfar amach go tapa iad, ar ais chuig a dtír dhúchais nó chuig tír eile. Ina theannta sin, an 7 Nollaig 2023, tugadh isteach an **Bille um Shábháilteacht Ruanda (Tearmann agus Inimirce)**[58], ina ndearbhaítear gur tír shábháilte í Ruanda, agus go bhféadfar daoine a thógáil amach as an Ríocht Aontaithe agus a sheoladh go Ruanda. Sa dearbhú a thug Rúnaí Baile na Ríochta Aontaithe faoi Alt 19(1)(b) d'Acht um Chearta an Duine na Ríochta Aontaithe, dhearbhaigh sé '*[…] nach raibh sé in ann ráiteas a dhéanamh go bhfuil […] forálacha an Bhille um Shábháilteacht Ruanda (Tearmann agus Inimirce) comhoiriúnach le cearta an Choinbhinsiúin, ach gur mian leis an Rialtas mar sin féin go leanfadh an Teach ar aghaidh leis an mBille*'[59]. Tá imní ar an gCoimisiún maidir leis na forbairtí sin agus tá sé ag súil leis go n-urramóidh an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí idirnáisiúnta, go háirithe iad sin faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, arb é an bunús é le haghaidh comhair sa réimse um fhorfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

I mí an Mhárta 2023, chuir rialtas na Ríochta Aontaithe leagan nua den **Bhille um Chosaint Sonraí agus Faisnéis Dhigiteach (Uimh. 2) ar an gclár**[60]. Is é is cuspóir don Bhille an creat cosanta sonraí sa Ríocht Aontaithe a athchóiriú, ar creat é ar ar bhunaigh an Coimisiún a chinntí maidir le leordhóthanacht an leibhéil cosanta do shonraí pearsanta. Tá sé beartaithe leis an mBille athruithe a dhéanamh i roinnt réimsí, go háirithe ar an bhforas dlíthiúil le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta, feidhmiú chearta an ábhair sonraí, na rialacha maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tíortha eile agus bunú agus feidhmiú an údaráis maoirseachta neamhspleách um chosaint sonraí. Leanfaidh an Coimisiún i mbun faireacháin ar an bpróiseas reachtach.

Thug rialtas na Ríochta Aontaithe an **Bille um Margaí Digiteacha, Iomaíocht agus Tomhaltóirí**[61] isteach i mí Aibreáin 2023. Tá foráil sa Bhille maidir le hiomaíocht i margaí digiteacha a rialú agus maidir le hainmniúchán gnóthas ag a bhfuil stádas straitéiseach margaidh. Féachtar ann freisin gnéithe áirithe den dlí iomaíochta a athchóiriú agus cruthaítear dhá chóras ar leithligh ann maidir le forfheidhmiú sibhialta an dlí tomhaltóirí: córas cúirt-bhunaithe agus córas díreach forfheidhmithe arna riar ag Údarás Iomaíochta agus Margaí na Ríochta Aontaithe. Leanfaidh an Coimisiún i mbun faireacháin ar an bpróiseas reachtach.

---

[56] Chuige sin, ba cheart do chúirteanna na Ríochta Aontaithe urraim a bheith acu do Roinn 29 d'Acht an Aontais Eorpaigh (Caidreamh sa Todhchaí), 2020 lena gceanglaítear go léifí an dlí intíre leis na modhnuithe sin is gá chun an Comhaontú Trádála agus Comhair a chomhlíonadh.

[57] An tAcht um Dhlí Coinnithe an Aontais (Cúlghairm agus Athchóiriú), 2023: https://www.gov.uk/government/collections/illegal-migration-bill.

[58] An Bille um Shábháilteacht Ruanda (Tearmann agus Inimirce): https://bills.parliament.uk/bills/3540/publications.

[59] Féach na nótaí míniúcháin a ghabhann leis an mBille um Shábháilteacht Ruanda (Tearmann agus Inimirce): https://publications.parliament.uk/pa/bills/cbill/58-04/0038/230038.pdf.

[60] An Bille um Chosaint Sonraí agus Faisnéis Dhigiteach: https://bills.parliament.uk/bills/3430.

[61] An Bille um Margaí Digiteacha, Iomaíocht agus Tomhaltóirí: https://bills.parliament.uk/bills/3453.

Ar deireadh, tarraingíodh siar an 27 Meitheamh 2023 an **Bille um Bille Ceart**[62] a tugadh isteach in 2022.

5.2. Cothrom iomaíochta um an iomaíocht chóir agus oscailte agus um fhorbairt inbhuanaithe

Déanann an Coimisiún faireachán cúramach ar fhorbairtí rialála sa réimse sin agus iarrann soiléirithe ón Ríocht Aontaithe i gcás inar gá.

5.2.1. Rialú fóirdheontais agus cánachas

Glacadh trí chineál fóirdheontas blocdhíolmhaithe, na '**Bealaí Sruthlínithe'**[63], i mí Eanáir 2023. Cumhdaítear sna trí Bhealach Sruthlínithe: (i) taighde, forbairt agus nuálaíocht; (ii) úsáid fuinnimh; agus (iii) fás áitiúil agus thabharfaí díolúine leis sin d'údaráis phoiblí measúnú a dhéanamh ar bhearta fóirdheontais in aghaidh na bprionsabal fóirdheontais.

Lean an Coimisiún i mbun faireacháin ar chur chun feidhme reachtaíochta a glacadh roimhe sin agus a tháinig i bhfeidhm in 2023, amhail an córas nua rialaithe fóirdheontais faoin Acht um Rialú Fóirdheontais 2022[64]. D'iarr sé soiléirithe freisin ar an Ríocht Aontaithe maidir le pacáiste beart ar chostais leictreachais do thionscail dianfhuinnimh[65], chomh maith leis an scéal is déanaí ar chriosanna infheistíochta agus ar saorphoirt.

5.2.2. Caighdeáin saothair agus caighdeáin shóisialta, an comhshaol agus an aeráid

Sa réimse a bhaineann le **caighdeáin saothair agus caighdeáin shóisialta,** lean an Coimisiún na forbairtí a bhaineann le glacadh agus le cur chun feidhme an **Achta um Stailceanna (Íosleibhéil Seirbhíse)** 2023[66], lena gcumhachtaítear rialtas na Ríochta Aontaithe íoscheanglais seirbhíse a bhunú le linn stailceanna in earnálacha áirithe den tseirbhís phoiblí.

Tar éis aighneacht a rinne[67] Comhdháil na gCeardchumann chuig an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le hionsuithe líomhnaithe ar cheart oibrithe dul i mbun stailce, an 17 Iúil 2023 spreag Coiste na hEagraíochta maidir le Cur i bhFeidhm Caighdeán rialtas na Ríochta Aontaithe an t-idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta a éascú agus a áirithiú go gcomhlíonann aon reachtaíocht atá ann cheana nó aon reachtaíocht nua na rialacha idirnáisiúnta maidir le saoirse comhlachais[68]. Feicfimid amach anseo conas a thabharfar aghaidh ar na moltaí sin.

---

[62] An Bille um Bille Ceart: https://bills.parliament.uk/bills/3227.
[63] An tAcht um Rialú Fóirdheontais 2022: Bealaí Sruthlínithe: https://www.gov.uk/government/publications/subsidy-control-act-2022-streamlined-routes.
[64] An tAcht um Rialú Fóirdheontais 2022: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2022/23/enacted.
[65] British Industry Supercharger: Capacity Market consultation and EIIs government response: https://www.gov.uk/government/consultations/british-industry-supercharger-capacity-market-consultation-and-eiis-government-response.
[66] An tAcht um Stailceanna (Íosleibhéil Seirbhíse) 2023: https://www.legislation.gov.uk/ukpga/2023/39/enacted.
[67] Aighneacht Chomhdháil na gCeardchumann chuig coiste saineolaithe ILO: https://www.tuc.org.uk/sites/default/files/2022-09/ILOsubmission2022.pdf.
[68] Taifead Imeachtaí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair: https://www.ilo.org/wcmsp5/groups/public/---ed_norm/---relconf/documents/meetingdocument/wcms_888016.pdf.

Ina theannta sin, an 13 Iúil 2023, chuir Ard-Chúirt na Ríochta Aontaithe ar neamhní an ionstraim reachtúil lena gceadaítear do ghníomhaireachtaí fostaíochta oibrithe sealadacha a chur ar fáil go feasach d'fhostóir chun dualgais oibrithe a ghlacann páirt i stailc a dhéanamh[69].

Sa réimse a bhaineann leis an g**comhshaol agus leis an aeráid**, rith an Ríocht Aontaithe reachtaíocht thánaisteach[70] lenar laghdaíodh an líon lamháltas faoina Córas Trádála Astaíochtaí a chuirfear ar ceant ó 2024 ar aghaidh chun a cuspóirí dícharbónúcháin a neartú. Rinne an Coimisiún faireachán ar na hathruithe sin in éineacht le forbairtí eile, amhail an titim ar phraghsanna Chóras Trádála Astaíochtaí na Ríochta Aontaithe, lenar cruthaíodh bearna leo siúd faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, agus mar a ghlac an Coiste um Athrú Aeráide le Tuarascáil 2023 don Pharlaimint[71] maidir leis an dul chun cinn ar astaíochtaí a laghdú agus an measúnú ar fhógraí agus forbairtí maidir le Neodracht Charbóin sa Ríocht Aontaithe[72].

Rinne an Coimisiún faireachán freisin ar fhorbairt beartais maidir le ceimiceáin sa Ríocht Aontaithe (UK REACH) agus ar chomh héagsúil agus atá sé ó bheartas an Aontais (EU REACH).

6. Conclúidí

Níl an Comhaontú Trádála agus Comhair á chur in ionad ballraíochta san Aontas Eorpach, ná ní féidir é sin a dhéanamh leis. Toisc go bhfuil sé lasmuigh de mhargaidh aonair an Aontais is léir go mbeidh impleachtaí ag a chuid beartais do thrádáil, don rochtain ar an margadh agus do mhéid an chomhair.

Mar sin féin, mar a cuireadh i dtábhacht roimhe seo[73], is comhaontú den scoth é an Comhaontú Trádála agus Comhair don Aontas. Baintear cothromaíocht mhaith amach leis idir cearta agus oibleagáidí do gach aon pháirtí agus tá foráil ann le haghaidh rochtain fhadréimseach ar an margadh agus do chomhar forleathan.

Tá an Coimisiún fós tiomanta go hiomlán do chur chun feidhme an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair a thabhairt chun cinn agus d'obair a dhéanamh leis an Ríocht Aontaithe ar bhealach comhoibríoch agus stuama chuige sin.

---

[69] Cás-uimhir: CO/3337/2022 CO/3346/2022 CO/3532/2022: https://www.judiciary.uk/wp-content/uploads/2023/07/ASLEF-v-Secretary-of-State-for-Business-and-Trade-judgment-130723.pdf.

[70] Na Rialacháin um Scéim Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Chur ar Ceant (Leasú) 2023: https://www.legislation.gov.uk/uksi/2023/994/contents/made.

[71] Progress in reducing emissions 2023 Report to Parliament: https://www.theccc.org.uk/wp-content/uploads/2023/06/Progress-in-reducing-UK-emissions-2023-Report-to-Parliament-1.pdf.

[72] CCC assessment of recent announcements and developments on Net Zero: https://www.theccc.org.uk/2023/10/12/ccc-assessment-of-recent-announcements-and-developments-on-net-zero/.

[73] Tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann: https://commission.europa.eu/publications/annual-report-implementation-and-application-trade-and-cooperation-agreement-between-european-union_en.

Iarscríbhinn 1: Cruinnithe in 2023 de na comhlachtaí comhpháirteacha agus struchtúir eile arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair

Dáta	Comhlacht/struchtúr comhpháirteach
7-9 Márta	Iascach (Meitheal): 4ú cruinniú
9 Márta	Grúpa Comhairleach Baile an Aontais: 6ú cruinniú
24 Márta	An Chomhairle Comhpháirtíochta: 2ú cruinniú
18-20 Aibreán	Iascach (Meitheal): 5ú cruinniú
1 Meitheamh	Aeriompar (An Coiste Speisialaithe): 3ú cruinniú
19 Meitheamh	Forfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach (An Coiste Speisialaithe): 3ú cruinniú
21 Meitheamh	Grúpa Comhairleach Baile an Aontais: 7ú cruinniú
27 Meitheamh	Iascach (An Coiste Speisialaithe): 6ú cruinniú
28 Meitheamh	Comhordú Slándála Sóisialta (An Coiste Speisialaithe): 3ú cruinniú
3-4 Iúil	An Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta: 3ú cruinniú
26 Iúil	Iascach (Meitheal): 6ú cruinniú
22 Meán Fómhair	Iascach (An Coiste Speisialaithe): 7ú cruinniú
27 Meán Fómhair	Comhar Custaim agus Rialacha Tionscnaimh (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
4 Deireadh Fómhair	Cothrom Iomaíochta um an iomaíocht chóir agus oscailte agus um fhorbairt inbhuanaithe (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
9 Deireadh Fómhair	Seirbhísí, Infheistíocht agus Trádáil Dhigiteach (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
11 Deireadh Fómhair	Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
13 Deireadh Fómhair	Grúpa Comhairleach Baile an Aontais: 8ú cruinniú
18 Deireadh Fómhair	Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
19 Deireadh Fómhair	Comhar Riaracháin in CBL agus Gnóthú Cánacha agus Dleachtanna (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
23 Deireadh Fómhair	Maoin Intleachtúil (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
6 Samhain	Comhar Rialála (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
7 Samhain	Fóram na Sochaí Sibhialta: 2ú cruinniú
8 Samhain	Earraí (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
9 Samhain	Fuinneamh (An Coiste Speisialaithe Trádála): 4ú cruinniú
16 Samhain	Soláthar Poiblí (An Coiste Speisialaithe Trádála): 3ú cruinniú
23 Samhain	Iompar de Bhóthar (An Coiste Speisialaithe): 3ú cruinniú
30 Samhain	Sábháilteacht Eitlíochta (An Coiste Speisialaithe): 3ú cruinniú
4-5 Nollaig	An Tionól Parlaiminteach Comhpháirtíochta: 4ú cruinniú
4 Nollaig	Rannpháirtíocht i gcláir an Aontais (An Coiste Speisialaithe): 3ú cruinniú
7 Nollaig	An Coiste Comhpháirtíochta Trádála: 3ú cruinniú

Iarscríbhinn 2: Forbhreathnú ar na gníomhaíochtaí maidir le cur chun feidhme arna gcomhaontú ag an gComhairle Comhpháirtíochta an 24 Márta 2023

Topaic	Staid na himeartha
Comhlachú na Ríochta Aontaithe le cláir an Aontais	**SEACHADTA:** Comhlachú le Fís Eorpach agus Copernicus ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Ghlac an Coiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht ar Chláir an Aontais leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair an 4 Nollaig 2023.
Socruithe nua trádála leictreachais agus comhar oibreoirí córais tarchurtha leictreachais	Fuarthas ionchur teicniúil breise ó Oibreoirí Córais Tarchurtha an 10 Iúil. Tá measúnú á dhéanamh ar an gcomhar, agus tuilleadh idirphlé ar bun leis an Ríocht Aontaithe ar bhonn tráthrialta.
Meabhrán Tuisceana ar chomhar rialála maidir le seirbhísí airgeadais	**SEACHADTA:** Síníodh an Meabhrán Tuisceana an 27 Meitheamh 2023 agus tá sé i bhfeidhm.
Meabhrán Tuisceana ar chomhar Maoine Intleachtúla idir Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus Oifig Maoine Intleachtúla na Ríochta Aontaithe (UKIPO)	Tá dul chun cinn á dhéanamh ar na pléití idir EUIPO agus UKIPO.
An Ríocht Aontaithe: An tAcht um Dhlí Coinnithe an Aontais Eorpaigh	**SEACHADTA:** Bhí cruinniú teicniúil ar bun idir ranna an Choimisiúin agus an Ríocht Aontaithe an 2 Iúil 2023. Sholáthair an Ríocht Aontaithe mínithe maidir le hábhar an Achta.
An Ríocht Aontaithe: An Bille um Bille Ceart	**IMITHE I LÉIG:** Tharraing an Ríocht Aontaithe an bille siar.
Bunaíodh rialacha samhla nós imeachta le haghaidh meithleacha faoin gComhaontú Trádála agus Comhair	**SEACHADTA:** Comhaontaíodh na rialacha leis an Ríocht Aontaithe ar an leibhéal teicniúil. An 28 Meán Fómhair, ghlac an Chomhairle lena Cinneadh, faoi Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir leis an seasamh atá le glacadh ag an Aontas maidir leis an tsaincheist sin. Cuireann sé sin ar a gcumas do na meithleacha maidir le táirgí orgánacha, mótarfheithiclí agus páirteanna, táirgí íocshláinte agus comhordú slándála sóisialta chun bheith oibríochtúil.
Idirphlé maidir le frithsceimhlitheoireacht	**SEACHADTA:** Bhí an t-idirphlé ar siúl an 2 Feabhra 2024.
Idirphlé maidir le cibircheisteanna	**SEACHADTA:** Bhí an t-idirphlé ar siúl an 14 Nollaig 2023.
An tAontas chun faisnéis a chur ar fáil don Ríocht Aontaithe maidir lena bhearta atá infheidhme maidir le hallmhairí de	**SEACHADTA:** Soláthraíodh faisnéis an 3 Aibreán 2023.

mhoilisc dhébhlaoscacha bheo agus prátaí síl	
An prótacal CBL a ghníomhachtú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair	**SEACHADTA:** Ghlac an Coiste Speisialaithe Trádála um chomhar riaracháin in CBL agus gnóthú cánacha agus dleachtanna na ceithre chinneadh ábhartha ar gá iad chun an Prótacal CBL a ghníomhachtú an 19 Deireadh Fómhair 2023.

Iarscríbhinn 3: Cinntí agus moltaí arna nglacadh ag an gComhairle Comhpháirtíochta nó ag na Coistí arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair

Moladh Uimh. 1/2023 ó Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh arna bhunú le hAirteagal 8(1)(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 7 Feabhra 2023 chuig gach Páirtí maidir lena n-iarrataí chuig oibreoirí córais tarchurtha i gcomhair leictreachais d'fhonn nósanna imeachta teicniúla a ullmhú maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais[74].

Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe arna bhunú le hAirteagal 8(1)(r) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 19 Meitheamh 2023 lena mbunaítear foirm chaighdeánach le haghaidh iarrataí ar chúnamh frithpháirteach[75].

Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe maidir le Comhordú Slándála Sóisialta arna bunú le hAirteagal 8(1)(p) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe Na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 10 Márta 2023 a mhéid a bhaineann le húsáid Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta chun sonraí a tharchur idir institiúidí nó comhlachtaí idirchaidrimh[76].

Cinneadh Uimh. 2/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta arna bhunú le hAirteagal 8(1)(p) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 28 Meitheamh 2023 a mhéid a bhaineann leis an institiúid airgeadais a ainmniú chun fónamh mar thagairt chun an ráta úis le haghaidh íocaíochtaí déanacha agus an ráta malairte le haghaidh comhshó airgeadra a chinneadh, chomh maith leis an dáta atá le cur san áireamh chun rátaí comhshó airgeadra a chinneadh[77].

Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú le hAirteagal 8(1)(q) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe

[74] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:22023D0425
[75] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:22023D1621
[76] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:22023D0698
[77] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:22023D1460

na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 24 Iúil 2023 a mhéid a bhaineann leis an sásra chun deiseanna iascaireachta a aistriú go deonach go bliantúil[78].

Moladh Uimh. 1/2023 ó Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú le hAirteagal 8(1)(q) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 24 Iúil 2023 a mhéid a bhaineann le treoirlínte le haghaidh fógraí faoi Airteagal 496(3) den Chomhaontú[79].

Moladh Uimh. 2/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú le hAirteagal 8(1)(q) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 24 Iúil 2023 a mhéid a bhaineann le hailíniú na limistéar bainistíochta le haghaidh leathóg mhín, leathóg bhán, turbaird agus broite[80].

Moladh Uimh. 3/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú le hAirteagal 8(1)(q) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, an 1 Nollaig 2023 a mhéid a bhaineann le hailíniú na limistéar bainistíochta le haghaidh Leathóg agus Faoitín[81].

Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Chomhar Riaracháin i CBL agus Gnóthú Cánacha agus Dleachtanna arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Deireadh Fómhair 2023 maidir leis an nós imeachta chun comhaontú ar an leibhéal seirbhíse a thabhairt i gcrích:[82].

Cinneadh Uimh. 2/2023 ón gCoiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i CBL agus Gnóthú Cánacha agus Dleachtanna arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Deireadh Fómhair 2023 maidir le méid agus módúlachtaí na ranníocaíochta airgeadais atá le déanamh ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le buiséad ginearálta an Aontais i leith an chostais a ghin sí trína rannpháirtíocht sna Córais Eorpacha Faisnéise:[83].

Cinneadh Uimh.°3/2023 ón gCoiste Speisialaithe Trádála um Chomhar Riaracháin i CBL agus Gnóthú Cánacha agus Dleachtanna arna mbunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Deireadh Fómhair 2023 lena leagtar síos rialacha cur chun

[78] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2023.198.01.0039.01.ENG
[79] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2023.198.01.0041.01.ENG
[80] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.L_.2023.198.01.0044.01.ENG
[81] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202400626
[82] https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2023/2472/oj
[83] https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2023/2473

feidhme maidir le forálacha a bhaineann le cúnamh maidir le gnóthú den Phrótacal ar chomhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha agus ar chúnamh frithpháirteach chun éilimh a ghnóthú[84].

Cinneadh Uimh. 4/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Chomhar Riaracháin i CBL agus Gnóthú Cánacha agus Dleachtanna arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 19 Deireadh Fómhair 2023 maidir le foirmeacha caighdeánacha chun faisnéis agus sonraí staidrimh a chur in iúl, maidir le tarchur faisnéise tríd an Líonra Cumarsáide Coiteann agus maidir leis na socruithe praiticiúla i dtaca le heagrú na dteagmhálacha idir na lároifigí idirchaidrimh agus na ranna idirchaidrimh[85].

Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 23 Samhain 2023 maidir le hoiriúnú sonraíochtaí teicniúla thacagraf cliste 2[86].

Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gCoiste Speisialaithe um Rannpháirtíocht i gCláir an Aontais arna bhunú le hAirteagal 8(1)(s) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le Prótacail I agus II a ghlacadh agus lena leasaítear Iarscríbhinn 47 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair[87].

Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhairle Comhpháirtíochta arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile an 21 Nollaig 2023 a mhéid a bhaineann le rialacha idirthréimhseacha táirgeshonracha le haghaidh taisc-cheallraí leictreacha agus feithiclí leictrithe[88].

[84] https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2023/2474/oj
[85] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=OJ:L_202302475
[86] https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2024/293/oj
[87] https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2023/2731
[88] EUR-Lex - 22023D2891 - EN - EUR-Lex (europa.eu)